Cuntas Leithreasa 2020

# Vóta 13

# Oifig na nOibreacha Poiblí

# Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 13, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, d'ullmhaigh mé an cuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2020 ar thuarastail agus costais Oifig na nOibreacha Poiblí, ar sheirbhísí áirithe arna riar ag an Oifig sin agus ar dheontais áirithe a íoc agus ar chaiteachas áirithe a fhorchúiteamh.

Cuirtear an toradh caiteachais i gcomparáid leis na suimeanna

(a) arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa, 2020, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair, agus
(b) arna soláthar ar mhaithe le seirbhísí caipitil a sholáthar in 2020, as leithreasaí neamhchaite a bhain le 2019, faoi na socruithe a bunaíodh le halt 91 den Acht Airgeadais 2004 maidir le géilleadh iarchurtha.

Dlitear farasbarr €2.233 milliún lena ghéilleadh don Státchiste.

Feidhmíonn Oifig na nOibreacha Poiblí (an Oifig) mar ghníomhaire agus tabhaíonn sí caiteachas thar ceann ranna agus gníomhaireachtaí eile Rialtais. Leagtar amach i Nóta 2.10 an caiteachas a tabhaíodh thar a gceann. Chomh maith leis sin, cuireann an Oifig seirbhísí cliaint ar fáil thar ceann an Stáit. Leagtar amach an caiteachas sin i Nóta 1.

Is cuid den chuntas iad an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1 go 6.

# Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta, maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh, mar atá leagtha amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i gCiorclán 22 de 2020, chun feidhme agus an cuntas á ullmhú, seachas i gcás an mhéid seo a leanas.

***Luacháil ar shócmhainní caipitil***

Aithníonn an Oifig luach talún agus foirgneamh mar a leanas.

- Tá measúnachtaí de luach margaidh curtha i bhfeidhm i gcás maoine i gcás go bhfuil comparáidí margaidh ar fáil.
- Rinneadh maoine ardghradaim a luacháil ina gceann agus ina gceann ag úsáid mhodh luachála an chostais athsholáthair. Tá an costas atógála sin bunaithe ar rátaí margaidh a chur i bhfeidhm.
- I gcás nach bhfuil comparáidí margaidh ar fáil, déantar maoine a gnóthaíodh nó a ceannaíodh roimh an 1 Eanáir 1995 nó a tógadh roimh an 1 Eanáir 1997 a luacháil bunaithe ar ghnásanna costais tógála agus ar luachanna barúlacha suímh. Déantar maoine a ceannaíodh i ndiaidh an 1 Eanáir 1995 nó a tógadh ón 1 Eanáir a luacháil de réir costais.

Tá na luachálacha faoi réir roinnt cáilíochtaí suntasacha agus níor cheart iad a mheas a bheith ina meastachán reatha ar luach inréadaithe.

Ní aithnítear caiteachas caipitil i roinnt réimsí i Nóta 2.1 (Sócmhainní Caipitil) mar a leanas.

- Ní dhéantar caiteachas ar fheabhsúcháin ar fhoirgnimh áirithe a áireamh. Léireofar an t-athrú ar luach ar dháta an chéad luachála eile.
- Ní dhéantar caiteachas ar fheabhsúcháin ar fhoirgnimh atá léasaithe a chaipitliú.

- Ní dhéantar luacháil ar shéadchomharthaí náisiúnta ná ar mhaoine stairiúla náisiúnta.
- Féachtar ar oibreacha faoisimh tuile mar shócmhainní bonneagair agus ní dhéantar iad a chaipitliú.
- Cuirtear obair ealaíne a gnóthaíodh i ndiaidh an 1 Eanáir 2008 ar áireamh sa ráiteas faoi shócmhainní caipitil faoin teideal ‘daingneáin agus feistis’ de réir costas stairiúil agus ní dhéantar athluacháil uirthi. Níor caipitlíodh obair ealaíne a gnóthaíodh i ndiaidh an 1 Eanáir 2008.

***Dímheas***

Déantar dímheas a ríomh ar bhonn bliantúil. Is é an polasaí maidir le dímheas go ndéantar dímheas bliana iomláine a mhuirearú i mbliain an ghnóthaithe/an choimisiúnaithe agus ní dhéantar aon dímheas a mhuirearú i mbliain na diúscartha.

Déantar sócmhainní gléasra agus innealra a dhímheas de réir mhodh na líne dírí thar a saolré mheasta fhónta, idir cúig bliana agus 20 bliain, go dtí luach iarmharach réamh-mheasta.

Ní dhéantar dímheas ar shócmhainní oidhreachta ná obair ealaíne.

Ní dhéantar foirgnimh a dhímheas ar an mbonn gur leor caiteachas leanúnach bliantúil ar chothabháil chun a mbail a choinneáil.

***Sócmhainní caipitil atá á bhforbairt***

Déantar caiteachas a dhéantar ar mhaoine atá faoi úinéireacht na hOifige cheana faoi Fho-mhírcheann B6 (Oibreacha nua, athruithe agus breiseanna) a chaipitliú faoin gcatagóir ábhartha sócmhainní sa bhliain ina dtabhaítear an caiteachas, seachas i gcás na n-eisceachtaí a leagtar amach thuas nuair nach n-aithnítear caiteachas caipitil mar shócmhainn caipitil. Déantar caiteachas caipitil ar fhorbairtí nua a bhaineann le roinnt tréimhsí cuntasaíochta a chur i gcuntas mar shócmhainn chaipitil atá á forbairt agus déantar sin a aistriú chuig an gcatagóir ábhartha sócmhainne ar a chríochnú.

***Íocaíochtaí léasa maoine***

Aithníonn an Oifig íocaíochtaí ar earraí agus seirbhísí i gcás gur cuireadh ar fáil go sásúil iad, gur chuir an soláthraí isteach a chuntas agus gur tugadh an treoir íocaíocht a dhéanamh. I gcás comhaontuithe léasa maoine, bíonn an cíos dlite agus iníoctha a luaithe a chuirtear tús leis an léas. Is ansin a bheidh an Oifig sásta go bhfuil an dliteanas tagtha in aibíocht. I gcás go mbaineann deacrachtaí dlí nó comhlíonta, áfach, le híocaíochtaí den chineál sin a dhéanamh le soláthraithe, d’fhéadfadh an Oifig íocaíocht a mhuirearú in aghaidh an Vóta agus na cistí a aistriú go cuntas ar fionraí.

## Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

***Freagracht as an gcóras rialaithe airgeadais inmheánaigh***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, admhaím an fhreagracht atá orm a chinntiú go gcoimeádann agus go bhfeidhmíonn an Oifig córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais.

Feidhmítear an fhreagracht sin i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus mo chuid oibleagáidí eile mar Chathaoirleach. Ina theannta sin, ní féidir le haon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach dearbhú réasúnach agus ní dearbhú iomlán a sholáthar go gcosnaítear na sócmhainní, go ndéantar na hidirbhearta a údarú agus a thaifeadadh i gceart agus go gcuirtear cosc ar earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha nó go mbraithfí iad ar bhealach tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialaithe inmheánaigh airgeadais a choinneáil agus déantar athbhreithniú leanúnach ar an gcóras agus ar a éifeachtúlacht.

***Seirbhísí comhroinnte***

Chomhlíon mé mo chuid freagrachtaí maidir le riachtanais an chomhaontaithe bainistíochta seirbhíse idir an Oifig seo agus an tIonad Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais as seirbhísí comhroinnte acmhainní daonna agus párolla agus taistil a sholáthar le haghaidh gráid státseirbhíse.

Braithim ar litir dearbhaithe ón Oifigeach Cuntasaíochta don Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte á rá go bhfeidhmítear na rialuithe cuí maidir le seirbhísí comhroinnte a sholáthar don Oifig seo.

Is mar a leanas atá an staid maidir leis an timpeallacht rialaithe airgeadais, an creat nósanna imeachta riaracháin, tuairisciú bainistíochta agus iniúchóireacht inmheánach.

***Timpeallacht rialaithe airgeadais***

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil na gnéithe seo a leanas mar chuid di.

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ar leibhéal bainistíochta agus sannadh an fhreagracht chomhfhreagrach.
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ar gach leibhéal ar ar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais.
- Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun laigí suntasacha rialaithe a thuairisciú agus gníomh ceartúcháin cuí a chinntiú.
- Tá Coiste Iniúchóireachta ann chun comhairle a chur orm chun mo chuid freagrachta a chomhlíonadh maidir leis an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais.
- Rinneadh nósanna imeachta do gach príomhphróiseas gnó a dhoiciméadú.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

***Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta***

Deimhním go bhfuil creat nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú rialta bainistíochta i bhfeidhm, lena n-áirítear leithdheighilt dualgas agus córas tarmligin agus freagrachta agus, go háirithe,

- go bhfuil córas cuí buiséadaithe ann ag a bhfuil buiséad bliantúil ar a ndéanann an lucht bainistíochta sinsearach athbhreithniú leanúnach
- go ndéanann an lucht ardbhainistíochta athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla airgeadais ina léirítear feidhmíocht airgeadais in aghaidh na réamhaisnéisí
- go n-oibrítear córas bainistíochta riosca laistigh den Oifig
- go bhfuil córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras ICT a chinntiú
- go bhfuil treoirlínte cuí um rialú infheistíochta caipitil agus disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadail i bhfeidhm
- go bhfuil creat rialachais chorparáidigh i bhfeidhm don Oifig.

***Iniúchóireacht inmheánach agus Coiste Iniúchóireachta***

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchóireachta inmheánaí ag an Oifig a bhfuil pearsanra atá oilte go cuí inti, a fheidhmíonn de réir cairt scríofa atá faofa agam féin agus ag an gCoiste Iniúchóireachta. Tá obair na feidhme iniúchóireachta inmheánaí bunaithe ar anailís ar na rioscaí airgeadais a bhfuil an Oifig nochta dóibh agus tá a pleananna bliantúla iniúchóireachta inmheánaí, atá faofa agam féin, bunaithe ar an anailís sin. Tá sé mar aidhm ag na pleananna sin na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn rollach thar thréimhse réasúnach. Déanaimse agus déanann an Coiste Iniúchóireachta athbhreithniú ar an bhfeidhm iniúchóireachta inmheánaí ar bhonn tréimhsiúil. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam lena chinntiú go ndéantar gníomhaíocht leantach de bhun thuarascálacha na feidhme iniúchóireachta inmheánaí.

***Neamhchomhlíonadh na rialacha soláthair***

Cinntíonn an Oifig go bhfuil díriú cuí ar an dea-chleachtas i gceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm le comhlíonadh gach treoirlíne ábhartha a chinntiú.

Chomhlíon an Oifig na treoirlínte sa bhliain 2020 ach amháin in 21 chás arbh fhiú €3.079 milliún iad ar an iomlán.

- Bhain €185,570 le híocaíochtaí a rinneadh le trí sholáthraí nach raibh aon chonradh i bhfeidhm leo.
- Bhain €592,456 le híocaíochtaí a rinneadh le deich soláthraí nach raibh aon mhodh soláthair in úsáid maidir leo.
- Bhain €2,163,222 le híocaíochtaí a rinneadh le sé sholáthraí inar cuireadh síneadh le conradh mar nach raibh an próiseas nua soláthair tugtha chun críche.
- Bhain €137,827 le híocaíochtaí a rinneadh le dhá sholáthraí a raibh luach an chonartha os cionn na tairsí fógraíochta ach a bronnadh trí bhíthin iarratais ar thairiscintí a cuireadh ar aghaidh chuig tairgeoirí tosaíochta.

Sholáthair an Oifig sonraí faoi na conarthaí neamhiomaíocha sa tuairisceán bliantúil maidir le ciorclán 40/2002 don Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus don Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

***Creat riosca agus rialaithe***

Chuir an Oifig córas bainistíochta riosca chun feidhme lena sainaithnítear agus lena dtuairiscítear príomhrioscaí agus na gníomhartha bainistíochta a bhfuiltear ag tabhairt fúthu chun dul i ngleic leo agus, a mhéid agus is féidir, na rioscaí siúd a mhaolú.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm lena sainaithnítear na príomhrioscaí atá roimh an Oifig agus rinneadh iad sin a shainaithint, a mheasúnú agus a ghrádú i dtaobh a thábhachtaí atá siad. Déanann an Bord Bainistíochta an clár a athbhreithniú agus a nuashonrú ar bhonn bliantúil. Úsáidtear toradh na measúnuithe sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh lena chinntiú go mbainistítear rioscaí i leith leibhéal inghlactha.

Sonraítear sa chlár rioscaí na rialuithe agus na gníomhartha a theastaíonn chun rioscaí a mhaolú agus sannann sé freagracht as oibriú rialuithe do bhaill shonracha foirne.

***Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach***

Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl dóibh siúd atá freagrach as dul i mbun gníomh ceartaitheach agus don lucht ardbhainistíochta agus an Bord Bainistíochta, i gcás gurb iomchuí, ar bhealach tráthúil. Deimhním gur sainaithníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus gur cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus aon easnaimh a shainaithnítear.

***Athbhreithniú ar éifeachtacht***

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag an Oifig chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht na nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe. Tá monatóireacht agus athbhreithniú na hOifige ar éifeachtacht an chórais rialála airgeadais inmheánaigh bunaithe ar obair na n-iniúchóirí seachtracha agus inmheánacha agus na bainistíochta sinsearaí laistigh den Oifig atá freagrach as creat rialaithe inmheánaigh airgeadais a fhorbairt agus a choinneáil.

***Paindéim Covid-19***

Tháinig roinnt athruithe ar an timpeallacht oibre nuair a thosaigh paindéim Covid-19 i dtús na bliana 2020 agus, mar thoradh air sin, ní raibh sé neamhghnách ag an gcuid is mó den fhoireann a bhí ag obair san oifig roimhe sin a bhí ag obair ón mbaile ó mhí an Mhárta 2020. Mar sin féin, tá an timpeallacht rialaithe féin fanta nach mór mar a chéile. Faoi chreat leanúnachais oibre na hOifige, tugadh faoi mheasúnú riosca maidir le tionchar Covid-19 ar an timpeallacht rialaithe. Deimhním go bhfuil na rialuithe a bhí ann agus na cinn a tugadh isteach mar gheall ar Covid-19 fós éifeachtach.

Shainaithin an Oifig costais bhreise €2.4 milliún a tabhaíodh sa bhliain 2020 agus a raibh baint dhíreach acu le freagairt na hOifige do bheith ag obair i dtimpeallacht Covid-19. Baineann na costais bhreise, den chuid is mó, le costais tógála, trealamh sláinte agus sábháilteachta agus riachtanais TFC.

Tá easnamh maidir le fáltais ag an Oifig chomh maith mar gheall ar an bpaindéim. Rinneadh táillí lamháltais agus cíosa arbh fhiú €239,000 iad a dhíscríobh.

***Saincheisteanna rialaithe inmheánaigh airgeadais***

Sainaithníodh an tsaincheist rialaithe airgeadais seo a leanas sa bhliain 2020:

*Caiteachas ar chonradh cothabhála téarma thomhaiste*

Bhíothas ag súil go mbeadh luach measta €12 mhilliún thar ceithre bliana ag conradh cothabhála téarma thomhaiste a ndeachthas ina bhun in 2014. Tháinig deireadh leis an gconradh sin i mí Dheireadh Fómhair 2018. Thabhaigh OOP caiteachas €1.5 milliún sa bhliain 2020 maidir le hobair a cuireadh isteach faoin gconradh roimh dheireadh an téarma. Mar gheall air sin, b'ionann an caiteachas iomlán faoin gconradh sin agus €48.3 milliún ag deireadh na bliana an 31 Nollaig 2020.

Bhíothas ag súil go mbeadh luach mheasta €15 mhilliún ag conradh cothabhála téarma thomhaiste athsholáthair a ndeachthas ina bhun i mí Dheireadh Fómhair 2018. Thabhaigh OOP caiteachas €13.8 milliún sa bhliain 2020 maidir le hobair thógála faoin gconradh sin. Bhain €24.1 milliún eile le hoibreacha bonneagair práinneacha Breatimeachta faoin gconradh. B'ionann iomlán an chaiteachais mar sin faoin gconradh seo agus €26.5 milliún ar oibreacha tógála agus €46.1 milliún ar oibreacha bonneagair práinneacha Breatimeachta.

**Maurice Buckley**
Oifigeach Cuntasaíochta
Oifig na nOibreacha Poiblí

22 Meán Fómhair 2021

## An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

## Vóta 13 Oifig na nOibreacha Poiblí

### Tuairim ar an gcuntas leithreasa

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 13 Oifig na nOibreacha Poiblí don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2020 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 13 Oifig na nOibreacha Poiblí don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2020, agus
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

#### *Bonn faoin tuairim*

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht arna bhfógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin sa *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa.* Táim neamhspleách ar Oifig na nOibreacha Poiblí agus tá na freagrachtaí eitice eile atá orm de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

### Tuairisc ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu trí eisceacht, sa *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa*.

#### *Neamhchomhlíonadh na rialacha soláthair*

Tá sé nochta ag an Oifigeach Cuntasaíochta sa ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais gur tharla líon suntasach cásanna ábhartha nár comhlíonadh rialacha soláthair náisiúnta iontu maidir le conarthaí a bhí ag feidhmiú in 2020.

#### *Caiteachas faoi chonradh cothabhála*

I gCaibidil 6 den tuarascáil uaim maidir le cuntais na seirbhísí poiblí do 2018, scrúdaíodh an caiteachas barrachais a thabhaigh Oifig na nOibreacha Poiblí faoi chonradh cothabhála idir na blianta 2015 agus 2018. Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta in iúl sa ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais gur tabhaíodh caiteachas barrachais breise in 2020 i leith an chonartha cothabhála a cuireadh in ionad an chonartha sin.

**Seamus McCarthy**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

24 Meán Fómhair 2021

# Vóta 13 Oifig na nOibreacha Poiblí

## Cuntas Leithreasa 2020

| | | | 2020 | | 2019 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | Soláthar meastacháin | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Caiteachas an chláir** | | | | | |
| A | Bainistíocht riosca tuile | | 126,219 | 107,664 | 99,296 |
| B | Bainistíocht eastáit | | | | |
| | *Soláthar meastacháin* | 379,208 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 8,000 | | | |
| | | | 387,208 | 380,643 | 355,835 |
| **Ollchaiteachas** | | | | | |
| | *Soláthar meastacháin* | 505,427 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 8,000 | | | |
| | | | **513,427** | **488,307** | **455,131** |
| | *Lúide* | | | | |
| C | **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **15,000** | **12,113** | **24,314** |
| **Glanchaiteachas** | | | | | |
| | *Soláthar meastacháin* | 490,427 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 8,000 | | | |
| | | | **498,427** | **476,194** | **430,817** |

**Farasbarr**

Tá an farasbarr ar an tsuim a soláthraíodh ar an nglansuim a cuireadh i bhfeidhm dlite lena ghéilleadh don Státchiste. Faoi alt 91 den Acht Airgeadais 2004, is féidir iomlán na leithreasaí neamhchaite i leith seirbhísí soláthair caipitil nó cuid díobh a thabhairt ar aghaidh lena gcaitheamh an bhliain ina dhiaidh sin. Tugadh €20 milliún de leathreasaí neamhchaite i ndáil le gnéithe caipitil d'Fho-mhírcheann A.5 agus B.5 ar aghaidh go dtí 2021

| | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Farasbarr | 22,232,890 | 8,921,440 |
| Géilleadh iarchurtha | (20,000,000) | (8,000,000) |
| **Farasbarr le géilleadh** | **2,232,890** | **921,440** |

**Maurice Buckley**
Oifigeach Cuntasaíochta
Oifig na nOibreacha Poiblí

22 Meán Fómhair 2021

## Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

### Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2020

| | | 2020 | 2019 |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| Costas an chláir | | 428,088 | 399,146 |
| Riarachán – pá | | 47,785 | 43,487 |
| Riarachán – neamhphá | | 12,434 | 12,498 |
| **Ollchaiteachas** | | **488,307** | **455,131** |
| *Lúide* | | | |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **12,113** | **24,314** |
| **Glanchaiteachas** | | **476,194** | **430,817** |
| | | | |
| **Athruithe ar shócmhainní caipitil** | | | |
| Ceannacháin airgid thirim | (11,234) | | |
| Dímheas | 5,033 | | |
| Diúscairtí airgid thirim | 2,876 | | |
| Gnóthachan ar dhiúscairtí | (195) | (3,520) | (470) |
| | | | |
| **Athruithe ar ghlansócmhainní reatha** | | | |
| Laghdú ar fhabhruithe deiridh | (6,309) | | |
| Méadú ar stoc | (283) | (6,592) | (6,434) |
| | | | |
| **Caiteachas díreach** | | **466,082** | **423,913** |
| | | | |
| Caiteachas ar sheirbhísí i gcás go ngníomhaíonn OOP mar chliant | | (111,390) | (106,998) |
| **Caiteachas díreach (gan seirbhísí i gcás go ngníomhaíonn OOP mar chliant ar áireamh)** | | **354,692** | **316,915** |
| | | | |
| **Caiteachas a tabhaíodh in áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1) | | (175,607) | (171,059) |
| **Glanchostas an chláir [a]** | | **179,085** | **145,856** |

Nóta [a] Ní áirítear iad seo a leanas i nglanchostas an chláir.

- Meastar gurb ionann na measchíosanna atá infhaighte ag OOP maidir le maoin faoi úinéireacht an Stáit agus tuairim is €89.8 milliún. Meastar gurb ionann na measchíosanna atá iníoctha ag OOP agus €3.6 milliún.
- Níor áiríodh leis an ráiteas suimeanna i ndáil le measioncam ó ranna cliaint i ndáil le seirbhísí a sholáthraíonn OOP saor in aisce faoi láthair.

## 1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Tá an glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na suimeanna measta seo a leanas maidir le Vóta 13 a tabhaíodh in áit eile, agus costais a d'iompair Vóta 13 i ndáil le Vótaí eile.

| | | 2020 | 2019 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| Vóta 9 | Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim | 53 | 8 |
| Vóta 12 | Aoisliúntas agus Liúntais Scoir | 22,882 | 22,446 |
| Vóta 18 | An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte | 82 | 76 |
| Costas cionroinnte maidir le seirbhísí comhroinnte do Vótaí eile | | (198,624) | (193,589) |
| | | **(175,607)** | **(171,059)** |

## Nóta 2 Ráiteas faoin Staid Airgeadais ag an 31 Nollaig 2020

| | Nóta | 2020 | 2019 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| **Sócmhainní caipitil** | 2.1 | 3,429,835 | 3,349,956 |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.2 | 71,030 | 40,667 |
| Stoic | 2.3 | 1,995 | 1,712 |
| Réamhíocaíochtaí | 2.4 | 29,881 | 21,646 |
| Ioncam fabhraithe | | 3,570 | 3,444 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 2.5 | 5,512 | 13,846 |
| **Iomlán na sócmhainní reatha** | | **111,988** | **81,315** |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Speansais fhabhraithe | | 9,567 | 7,345 |
| Ioncam iarchurtha | | 173 | 343 |
| Iarmhéideanna creidmheasa eile | 2.6 | 48,310 | 45,592 |
| Glanmhaoiniú Státchiste | 2.7 | 28,232 | 8,921 |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | **86,282** | **62,201** |
| **Glansócmhainní reatha** | | 25,706 | 19,114 |
| **Glansócmhainní** | | **3,455,541** | **3,369,070** |
| **Arna léiriú ag:** | | | |
| **Cuntas maoinithe Stáit** | 2.8 | **3,455,541** | **3,369,070** |

## 2.1 Sócmhainní caipitil

| | Talamh agus foirgnimh [a] | Gléasra agus innealra | Trealamh oifige | Troscán agus feistis | Sócmhainní atá á bhforbairt [b] | Iomlán [c] |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Ollsócmhainní** | | | | | | |
| Costas nó luacháil ag an 1 Eanáir 2020 | 3,322,506 | 49,227 | 24,813 | 22,707 | 2,228 | 3,421,481 |
| Coigeartuithe [d] | 3,155 | — | — | — | — | 3,155 |
| Breiseanna | 13,865 | 8,561 | 693 | 75 | 2,029 | 25,223 |
| Diúscairtí | (2,550) | (2,246) | (415) | (33) | — | (5,244) |
| Tugtha in úsáid | — | — | — | — | (25) | (25) |
| Athluacháil ar dhiúscairt | (6,725) | — | — | — | — | (6,725) |
| Athluachálacha [e] | 65,974 | — | — | — | — | 65,974 |
| Costas nó luacháil ag an 31 Nollaig 2020 | 3,396,225 | 55,542 | 25,091 | 22,749 | 4,232 | 3,503,839 |
| | | | | | | |
| **Dímheas carntha** | | | | | | |
| Iarmhéid tosaigh ag an 1 Eanáir 2020 | — | 34,875 | 21,520 | 15,130 | — | 71,525 |
| Coigeartú | — | — | 10 | — | — | 10 |
| Dímheas don bhliain | — | 3,328 | 1,419 | 286 | — | 5,033 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | — | (2,117) | (415) | (32) | — | (2,564) |
| Dímheas carnach ag an 31 Nollaig 2020 | — | 36,086 | 22,534 | 15,384 | — | 74,004 |
| | | | | | | |
| **Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2020** | **3,396,225** | **19,456** | **2,557** | **7,365** | **4,232** | **3,429,835** |
| | | | | | | |
| Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2019 | 3,322,506 | 14,352 | 3,293 | 7,577 | 2,228 | 3,349,956 |

Nótaí
[a] Tugtar thíos anailís ar luachálacha talún agus foirgneamh.
[b] Ní áirítear i sócmhainní caipitil atá á bhforbairt tionscadail tógála ar tugadh fúthu faoi Fho-mhírcheann B6 Oibreacha nua, athruithe agus breiseanna.
[c] Ní dhéantar caiteachas ar fhoirgnimh léasaithe a chaipitliú.
[d] Baineann an figiúr le haghaidh coigeartaithe le sócmhainní a sainaithníodh sa bhliain agus a cuireadh leis an gClár Sócmhainní Caipitil.
[e] Baineann an figiúr le haghaidh athluachála go príomha leis an athrú ar luach maidir le 36 shócmhainn atá faoi réir athluachála ag OOP in 2020.

**Luacháil talún agus foirgneamh**

Mar a leagtar amach sa ráiteas faoi pholasaithe agus faoi phrionsabail chuntasaíochta, déantar sócmhainní a luacháil ag baint úsáide as boinn luachála, Déantar líon na bhfoirgneamh agus an luach a bhaineann leo faoi gach bonn luachála a úsáideadh a leagan amach thíos.

| **Bonn luachála** | **2020** | | **2019** | |
|---|---|---|---|---|
| | **Líon na bhfoirgneamh** | **€000** | **Líon na bhfoirgneamh** | **€000** |
| Luach margaidh | 291 | 894,778 | 286 | 830,109 |
| Gnásanna costais tógála | 538 | 716,682 | 544 | 718,711 |
| Costas | 145 | 856,859 | 140 | 845,780 |
| Maoin ardghradaim (costas athsholáthair) | 11 | 927,906 | 11 | 927,906 |
| Maoin oidhreachta (luach nialasach) | 727 | — | 727 | — |
| Maoine ilghnéitheacha [a] | 228 | — | 235 | — |
| | **1,940** | **3,396,225** | **1,943** | **3,322,506** |

Nóta [a] Cuireadh airíonna ilghnéitheacha le luacháil talún agus tábla tógála in 2020. Cuireadh na sócmhainní seo as an áireamh sna blianta roimhe seo mar tá luacháil nialas acu. Is catagóirí éagsúla talún agus foirgneamh iad na sócmhainní lena n-áirítear airíonna tánaisteacha nó talamh ina bhfuil an luacháil fhoriomlán don láithreán iomlán san áireamh ar an bpríomhshócmhainn sa tábla thuas.

## 2.2 Banc agus airgead tirim

| ag an 31 Nollaig | **2020** | **2019** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Iarmhéideanna ag an bPámháistir Ginearálta | 71,030 | 40,660 |
| Mionairgead | 5 | 7 |
| Orduithe gan íoc | (5) | — |
| | **71,030** | **40,667** |

## 2.3 Stoic

| ag an 31 Nollaig | **2020** | **2019** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Stoic innealtóireachta | 974 | 825 |
| Stoic iosta oidhreachta | 919 | 801 |
| Ábhair thógála | 42 | 30 |
| Stáiseanóireacht | 33 | 32 |
| Stoic ilghnéitheacha | 27 | 24 |
| | **1,995** | **1,712** |

## 2.4 Réamhíocaíochtaí

| ag an 31 Nollaig | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Riarachán | 1,136 | 943 |
| Bainistíocht riosca tuile | 15 | 1,142 |
| Bainistíocht eastáit | 28,730 | 19,561 |
| | **29,881** | **21,646** |

## 2.5 Iarmhéideanna dochair eile

| ag an 31 Nollaig | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéideanna gníomhaireachta (nóta 2.10) | 5,456 | 12,348 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 56 | 1,498 |
| | **5,512** | **13,846** |

## 2.6 Iarmhéideanna creidmheasa eile

| ag an 31 Nollaig | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| **Suimeanna atá dlite don Stát** | | |
| Cáin ioncaim | 1,329 | 1,063 |
| An muirear sóisialach uilíoch | 268 | 224 |
| Árachas sóisialach pá-choibhneasa | 1,157 | 941 |
| Cáin shiarchoinneálach ar sheirbhísí gairmiúla | 904 | 713 |
| Cáin bhreisluacha | 8,439 | 5,970 |
| Ranníocaíochtaí pinsin | 305 | 260 |
| Cáin mhaoine áitiúil | 9 | 10 |
| | 12,411 | 9,181 |
| | | |
| Iarmhéideanna gníomhaireachta (nóta 2.10) | 16,738 | 23,522 |
| Cuntas oibreacha éagsúla | 116 | 17 |
| Bainistiú maoine [a] | 16,824 | 10,923 |
| An scéim *Percent for Art* | 2,013 | 1,047 |
| Oidhreacht – Ilghnéitheach | 45 | 802 |
| Asbhaintí párolla á gcoinneáil ar fionraí | 87 | — |
| Iarmhéideanna sochair eile | 76 | 100 |
| | **48,310** | **45,592** |

Nóta [a] Ag an 31 Nollaig 2020, b'ionann luach na n-íocaíochtaí léasa a muirearaíodh ar an vóta agus a aistríodh chuig cuntas ar fionraí agus €13.2 milliún. As sin, muirearaíodh €7.3 milliún ar fho-mhírcheann B8, muirearaíodh €135,000 ar fho-mhírcheann B9 agus muirearaíodh €5.8 milliún ar fho-mhírcheann B6.

## 2.7 Glanmhaoiniú Státchiste

| ag an 31 Nollaig | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Farasbarr le géilleadh | 2,233 | 921 |
| Géilleadh iarchurtha | 20,000 | 8,000 |
| Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh | 5,999 | — |
| **Glanmhaoiniú Státchiste** | **28,232** | **8,921** |
| **Arna léiriú ag:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | 71,030 | 40,667 |
| Iarmhéideanna dochair: fionraí | 5,512 | 13,846 |
| | 76,542 | 54,513 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (12,411) | (9,181) |
| Iarmhéideanna creidmheasa: fionraí | (35,899) | (36,411) |
| | (48,310) | (45,592) |
| | **28,232** | **8,921** |

## 2.8 Cuntas maoinithe stáit

| | Nóta | | 2020 | 2019 |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 |
| Iarmhéid ag an 1 Eanáir | | | 3,369,070 | 3,351,458 |
| Eisíocaíochtaí ón Vóta | | | | |
| Soláthar meastacháin | Cuntas | 498,427 | | |
| Géilleadh iarchurtha | Cuntas | (20,000) | | |
| Farasbarr le géilleadh | Cuntas | (2,233) | | |
| Glanvóta | | | 476,194 | 430,817 |
| Caiteachas (airgead tirim) a tabhaíodh in áit eile | 1.1 | | 23,017 | 22,530 |
| Seirbhísí gaolmhara | 1.1 | | (198,624) | (193,589) |
| Seirbhísí cliant | 1 | | (111,390) | (106,998) |
| Glanchostas an chláir | 1 | | (179,085) | (145,856) |
| Coigeartuithe sócmhainní | | | 76,359 | 10,708 |
| **Iarmhéid ag an 31 Nollaig** | | | **3,455,541** | **3,369,070** |

## 2.9 Ceangaltais

| **a) Ceangaltais dhomhanda** | **2020** | **2019** |
|---|---|---|
| ag an 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| | | |
| Earraí agus seirbhísí a fháil | 6,243 | 13,259 |
| Cláir dheontais neamhchaipitil | 1,000 | 1,250 |
| Cláir dheontais caipitil | 12,768 | 13,199 |
| Tionscadail chaipitil | 62,100 | 38,996 |
| Tionscadail chomhpháirtíochta príobháidí poiblí | 365,978 | 391,587 |
| **Iomlán na gceangaltas is in-fhorfheidhmithe le dlí** | **448,089** | **458,291** |

Ina theannta sin, bhí ceangaltais fós ag seasamh amach ag deireadh na bliana 2020 maidir le maoine léasaithe ar cíos agus muirir sheirbhíse bhainteacha. Níor áiríodh figiúirí do na ceangaltais sin thuas ach meastar gurb ionann iad agus €114.9 milliún in 2021 (2020: €113.6 milliún).

| **b) Cláir dheontais neamhchaipitil** | **2020** | **2019** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| | | |
| Iarmhéid tosaigh | 1,250 | 1,500 |
| Deontais a íocadh sa bhliain | (250) | (250) |
| **Iarmhéid deiridh** | **1,000** | **1,250** |

| **c) Cláir dheontais caipitil** | **2020** | **2019** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| | | |
| Iarmhéid tosaigh | 13,199 | 12,720 |
| Coigeartú [a] | 24 | 769 |
| Ceangaltais deontais nua | 16 | 258 |
| Deontais a íocadh sa bhliain | (449) | (548) |
| Deontais a cealaíodh | (22) | — |
| **Iarmhéid deiridh** | **12,768** | **13,199** |

Nóta [a] Tá gá leis an gcoigeartú sin chun ceangaltais deontais ón mbliain roimhe a fágadh ar lár san iarmhéid tosaigh a áireamh.

**d) Mórthionscadail chaipitil**

Mórthionscadail leanúnacha le linn na bliana 2020 ina meastar costas iomlán an tionscadail aonair a bheith os cionn €10 milliún. Seo a leanas na mionsonraí:

| | Caiteachas carnach go dtí an 31 Nollaig 2019 | Caiteachas i 2020 | Ceangaltais tionscadail sna blianta ina dhiaidh [a] | Caiteachas iomlán ionchais shaolré an tionscadail 2020 | Caiteachas iomlán ionchais shaolré an tionscadail 2019 |
|---|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Bainistíocht riosca tuile** | | | | | |
| Abhainn na Dothra (Scéim abhann) | 15,818 | 2,049 | 1,650 | 19,517 | 17,818 |
| Inis - Íochtarach | 18,173 | 267 | 733 | 19,173 | 19,173 |
| Bré | 42,327 | 197 | 130 | 42,654 | 42,577 |
| Port Láirge | 16,004 | 45 | 51 | 16,100 | 16,100 |
| Droichead na Bandan | 24,964 | 4,886 | 1,500 | 31,350 | 28,432 |
| An Sciobairín | 32,189 | 805 | 1,506 | 34,500 | 34,500 |
| Cloich na Coillte | 20,003 | 5,912 | 3,900 | 29,815 | 25,900 |
| Inis Theas | 5,408 | 9,958 | 4,240 | 19,606 | 17,400 |
| Dúglas | 4,204 | 7,176 | 8,420 | 19,800 | 19,500 |
| Baile Átha Luain | 4,822 | 3,790 | 6,000 | 14,612 | 10,750 |
| Baile Chláir | 10,184 | 783 | 250 | 11,217 | 11,000 |
| SCT Morell Íochtair | 620 | 805 | 9,384 | 10,809 | — |
| **Iomlán** | **194,716** | **36,673** | **37,764** | **269,153** | **243,150** |
| | | | | | |
| **Bainistíocht Eastát** | | | | | |
| Plaza Miesach | 21,290 | 28 | 2,123 | 23,441 | 23,441 |
| Teach Laighean | 16,264 | 1,577 | 159 | 18,000 | 16,641 |
| Iomlán | **37,554** | **1,605** | **2,282** | **41,441** | **40,082** |

Nóta [a] Tagraíonn ceangaltais tionscadail sna blianta ina dhiaidh sin do mheastachán reatha na hOifige ar chostais chaipitil go cur i gcrích an tionscadail.

**Difríochtaí suntasacha**

Cuirtear míniú ar fáil thíos i gcás gur athraigh na ceangaltais ilbhliantúla faoi níos mó ná €500,000 ó 2019 go 2020.

**Bainistíocht riosca tuile**

**Abhainn na Dothra (Scéim abhann)**

*Méadú ar an gcaiteachas ionchais iomlán: €1.699 milliún*

Is mar gheall ar athrú riachtanach ar an réiteach carntha d'fhonn an scéim a bhrú ar aghaidh go pras é an costas tionscadail iomlán measta leasaithe.

**Droichead na Bandan**

*Méadú ar an gcaiteachas ionchais iomlán: €2.918 milliún*

Is mar gheall ar phróiseas comhréitigh a thabhairt chun críche agus comhaontú socraithe an chuntais deiridh a íoc é an costas tionscadail iomlán measta leasaithe.

**Cloich na Coillte**

*Méadú ar an gcaiteachas ionchais iomlán: €3.915 milliún*

Is mar gheall ar athruithe ar scóip an tionscadail a raibh gá leo de bharr leochaileacht na bhfoirgneamh le taobh na hoibre i lár bhaile Chloich na Coillte agus droch-choinníollacha na struchtúr é an costas tionscadail iomlán measta leasaithe.

**Inis Theas**

*Méadú ar an gcaiteachas ionchais iomlán: €2.206 milliún*

Is mar gheall ar athdhearadh ollmhór b'éigean a dhéanamh ar na cosaintí de bharr dálaí talún a bheith níos measa ná mar a measadh é an costas tionscadail iomlán measta leasaithe.

**Baile Átha Luain**

*Méadú ar an gcaiteachas ionchais iomlán: €3.862 milliún*

Is mar gheall ar oibreacha breise nach raibh aon súil léi sa bhundearadh a áireamh é an costas tionscadail iomlán measta leasaithe. Ina theannta sin, rinneadh feabhsúcháin ar an mbundearadh, lena n-áirítear oibreacha cumhdaigh agus pábhála agus claífoirt a leathnú chun rotharbhealach amach anseo a éascú.

**Bainistíocht eastáit**

Teach Laighean

*Méadú ar an gcaiteachas ionchais iomlán: €1.359 milliún*

Tháinig an meastachán leasaithe chun cinn de bharr gur sainaithníodh le linn an tionscadail go raibh oibreacha breise riachtanacha ag teastáil nár tuigeadh a bheadh i gceist.

**e) Íocaíochtaí aonadacha na dtionscadal Comhpháirtíochta Príobháidí Poiblí**

| | Caiteachas carnach go dtí an 31 Nollaig 2019 | Caiteachas in 2020 | Ceangaltais is in-fhorfheidhmithe le dlí le comhlíonadh sna blianta ina dhiaidh sin | Iomlán measta an tionscadail 2020 | Iomlán measta an tionscadail 2019 |
|---|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| Ionad Comhdhála Bhaile Átha Cliath | 374,823 | 23,879 | 365,978 | 764,680 | 766,410 |

## 2.10 Soláthar seirbhísí gníomhaireachta

I dteannta an chaiteachais ar Vóta 13, is amhlaidh go ngníomhaíonn an Oifig mar ghníomhaire freisin, agus go dtabhaíonn sí caiteachas, thar ceann Ranna agus Gníomhaireachtaí eile Rialtais. Tá an maoiniú don chaiteachas sin curtha ar fáil don Oifig ag an roinn/gníomhaireacht urraíochta agus léirítear é mar mhuirear ar chuntas an chlianteagrais. Ba é €138 milliún an caiteachas iomlán sa bhliain 2020, inar áiríodh móroibreacha caipitil (€114 mhilliún); léasú cóiríochta (€19.2 milliún); oibreacha cothabhála (€2.9 milliún) agus clár na scoileanna (€1.9 milliún).

**Cuntas seirbhísí gníomhaireachta**

| ag an 31 Nollaig | **2020** | **2019** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid tosaigh ag an 1 Eanáir | (11,175) | (3,363) |
| Íocaíochtaí | 137,956 | 112,520 |
| Fáltais | (138,063) | (120,332) |
| Iarmhéid deiridh [a] | (11,282)[a] | (11,175) |

Nóta [a] Tá an t-iarmhéid creidmheasa deiridh €11.282 milliún comhdhéanta d'iarmhéideanna dochair gníomhaireachtaí (nóta 2.5) atá cothrom le €5.456 milliún agus d'iarmhéideanna creidmheasa gníomhaireachtaí (nóta 2.6) atá cothrom le €16.738 milliún.

## 2.11 Dliteanais theagmhasacha

Tá an Oifig páirteach i roinnt imeachtaí dlí ar feitheamh agus idir-réiteach conartha a d'fhéadfadh dliteanais a ghiniúint, ag brath ar thoradh na dlíthíochta. Tá neamhchinnteacht ann maidir le suim iarbhír nó tráthúlacht na ndliteanas féideartha.

## Nóta 3 Caiteachas Vóta

### Anailís ar chaiteachas riaracháin

Rinneadh an caiteachas riaracháin atá leagtha amach thíos a chionroinnt ar na cláir, chun costais iomlána na gclár a chur i láthair.

| | | 2020 | | 2019 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar meastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| i | Tuarastail, pá agus liúntais | 44,840 | 47,785 | 43,487 |
| ii | Taisteal agus cothú | 2,310 | 1,534 | 2,332 |
| iii | Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha | 1,300 | 1,207 | 1,229 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | 1,800 | 1,675 | 1,727 |
| v | Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha | 6,382 | 6,704 | 6,095 |
| vi | Costais áitribh oifige | 1,279 | 1,077 | 975 |
| vii | Seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe ar luach ar airgead agus ar pholasaithe | 266 | 117 | 57 |
| viii | Seirbhísí Foilseacháin Rialtais | 170 | 120 | 83 |
| | | **58,347** | **60,219** | **55,985** |

**Difríochtaí suntasacha**

Déantar anailís sa mhéid seo a leanas ar chaiteachas riaracháin an Vóta agus déantar cur síos ar na cúiseanna le difríochtaí suntasacha (+/- 25% agus €100,000).

**i Tuarastail, pá agus liúntais**

*Soláthar meastacháin €44.84 milliún; toradh €47.785 milliún*

Is mar gheall ar an tionchar a bhí ag earcaíocht mhéadaithe sa bhliain 2019 agus sa bhliain 2020 d'fhonn an riachtanas foirne a bhaint amach chun an clár méadaithe oibreacha, go príomha i ndáil le bainistíocht riosca tuile, a bhí an méadú €2.945 milliún.

**ii Taisteal agus cothú**

*Soláthar meastacháin €2.31 milliún; toradh €1.534 milliún*

Is mar gheall ar shrianta taistil a cuireadh i bhfeidhm le dul i ngleic le paindéim Covid-19 agus an úsáid mhéadaithe a baineadh as cruinnithe fíorúla a bhí an choigilt €776,000.

**vii Seirbhísí comhairleoireachta agus luach ar airgead agus athbhreithnithe beartas**

*Soláthar meastacháin €266,000; toradh €117,000*

Is mar gheall ar obair bheartaithe i dtrí réimse a bheith á tabhairt ar aghaidh go dtí an bhliain 2021 a bhí an choigilt €149,000.

## Clár A Bainistíocht riosca tuile

| | | 2020 | | 2019 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar meastacháin | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| A.1 | Riarachán – pá | 11,796 | 12,888 | 11,567 |
| A.2 | Riarachán – neamhphá | 2,725 | 3,141 | 3,430 |
| A.3 | Ceannach gléasra agus innealra | 6,470 | 9,107 | 6,896 |
| A.4 | Imscrúdú agus monatóireacht hidriméadrachta agus hidreolaíochta | 1,264 | 1,343 | 1,132 |
| A.5 | Bainistíocht riosca tuile | 85,866 | 63,152 | 58,289 |
| A.6 | Draenáil — cothabháil | 18,098 | 18,033 | 17,982 |
| | | **126,219** | **107,664** | **99,296** |

**Difríochtaí suntasacha**

Déantar cur síos anseo a leanas ar na cúiseanna a raibh difríochtaí suntasacha i gceist i gcaiteachas an chláir (+/- 5% agus €100,000). Tríd is tríd, bhí an caiteachas a bhain le Clár A €18.555 milliún níos ísle ná mar a soláthraíodh ar dtús. Bhí méadú €1.508 milliún ann ar chaiteachas riaracháin don chlár. Bhí caiteachas neamhriaracháin an chláir €20.063 milliún níos lú ar an iomlán ná mar a soláthraíodh ar dtús, mar gheall ar na nithe seo a leanas den chuid is mó.

**A.3 Ceannach gléasra agus innealra**

*Soláthar meastacháin €6.47 milliún; toradh €9.107 milliún*

Is mar gheall ar infheistíocht OOP i dtochaltóirí a úsáideadh le haghaidh scéimeanna cosanta tuile agus infheistíocht i bhfeithiclí agus innealra bóithre a úsáideadh chun punann maoine agus oidhreachta an Stáit a bhainistiú a bhí an méadú €2.637 milliún. Bhí gá leis an infheistíocht chun dul i ngleic leis an leibhéal ard feithiclí as feidhm, chun astaíochtaí a laghdú agus chun cloí le caighdeáin sábháilteachta.

**A.5 Bainistíocht riosca tuile**

*Soláthar meastacháin €85.866 milliún; toradh €63.152 milliún*

Is mar gheall ar mhoill a bheith ar chead pleanála a fháil, ag scéimeanna sa Ghlaise Bhuí agus sa Linn Dubh, agus mar gheall ar agóidí ó ghrúpaí sainleasa, ag Morrell Íochtarach agus ag Tionscadal Morrison's Island a tháinig coigilt €22.714 milliún chun cinn den chuid is mó. Tosca eile a chur leis an gcoigilt ba ea tionchar phaindéim Covid-19, fadhbanna ag leibhéal an tsuímh nach raibh súil leo, glacadh níos lú ná mar a bhí súil leis ag úinéirí tí faoin Scéim Athlonnaithe Baile Dheonaigh agus srianta maoiniúcháin faoin Scéim Mionoibreacha um Maolú Tuilte agus um Chosaint an Chósta.

## Clár B Bainistíocht Eastáit

| | | | 2020 | | 2019 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | Soláthar meastacháin | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| B.1 | Riarachán – pá | | 33,044 | 34,897 | 31,920 |
| B.2 | Riarachán – neamhphá | | 10,782 | 9,293 | 9,068 |
| B.3 | Foireann tís an Uachtaráin | | 975 | 802 | 797 |
| B.4 | Deontais le haghaidh seirbhísí agus oibreacha áirithe athchóirithe | | 500 | 500 | 500 |
| B.5 | Ceannach láithreán agus foirgneamh | | | | |
| | *Soláthar meastacháin* | 4,480 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 8,000 | | | |
| | | | 12,480 | 9,338 | 2,561 |
| B.6 | Oibreacha nua, athruithe agus breiseanna | | 82,981 | 85,222 | 74,635 |
| B.7 | Cothabháil maoine agus soláthairtí | | 62,478 | 64,677 | 64,675 |
| B.8 | Cíosanna | | 102,520 | 98,474 | 91,016 |
| B.9 | Táillí seirbhíse agus fóntais | | 11,043 | 11,447 | 12,319 |
| B.10 | Íocaíochtaí aonadacha | | 25,000 | 23,879 | 24,123 |
| B.11 | Seirbhísí oidhreachta | | 45,405 | 42,114 | 44,221 |
| | | | **387,208** | **380,643** | **355,835** |

**Difríochtaí suntasacha**

Déantar cur síos anseo a leanas ar na cúiseanna a raibh difríochtaí suntasacha i gceist i gcaiteachas an chláir (+/- 5% agus €100,000). Tríd is tríd, bhí an caiteachas a bhain le Clár B €6.565 milliún níos ísle ná mar a soláthraíodh. Bhí róchaiteachas €364,000 ann ar chaiteachas riaracháin don chlár (féach thuas). Bhí caiteachas neamhriaracháin an chláir €6.929 milliún níos lú san iomlán ná mar a soláthraíodh ar dtús, mar gheall ar na nithe seo a leanas den chuid is mó.

**B.3 Foireann tís an Uachtaráin**

*Soláthar meastacháin €975,000; toradh €802,000*

Tharla coigilt €173,000 mar gheall ar fholúntais foirne agus uaireanta oibre srianta le linn Covid-19 den chuid is mó.

**B.5 Ceannach láithreán agus foirgneamh**

*Soláthar meastacháin €12.48 milliún; toradh €9.338 milliún*

Baineann an choigilt €3.142 milliún le fáil maoine a shocraigh OOP gan leanúint ar aghaidh leo agus nach raibh roinnt díobh tugtha chun críche faoi dheireadh na bliana 2020.

**B.11 Seirbhísí oidhreachta**

*Soláthar meastacháin €45.405 milliún; toradh €42.114 milliún*

Is mar gheall ar oibreacha a cuireadh siar agus líon foirne níos lú sa bhliain mar gheall ar shrianta Covid-19 a bhí an choigilt €3.291 milliún.

# Nóta 4 Fáltais

## 4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

| | | 2020 | | 2019 |
|---|---|---|---|---|
| | | Measta | Réadaithe | Réadaithe |
| | | €000 | €000 | €000 |
| 1 | Cíosanna, táillí ceadúnais, etc. | 3,150 | 3,161 | 3,882 |
| 2 | Bainistíocht imeachtaí agus saoráidí | 2,500 | 938 | 5,045 |
| 3 | Fáltais le haghaidh seirbhísí foilseacháin Rialtais | 630 | 634 | 697 |
| 4 | Díolacháin ag séadchomharthaí náisiúnta agus ag maoine stairiúla | 1,100 | 599 | 1,631 |
| 5 | Táillí isteach chuig séadchomharthaí náisiúnta agus maoine stairiúla | 4,633 | 893 | 8,223 |
| 6 | Ilghnéitheach, lena n-áirítear táillí, ús agus diúscairtí, etc. | 600 | 4,108 | 2,837 |
| 7 | Fáltais ó ranníocaíochtaí breise aoisliúntais ar luach saothair seirbhíse poiblí | 2,387 | 1,780 | 1,999 |
| | **Iomlán** | **15,000** | **12,113** | **24,314** |

**Difríochtaí suntasacha**

Déantar cur síos anseo a leanas ar na cúiseanna a raibh difríochtaí suntasacha i gceist i bhfáltais (+/- 5% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí leithreasaí-i-gcabhair €2.887 milliún níos lú ná an meastachán. Tá mínithe ar na difríochtaí leagtha amach thíos.

**2 Bainistíocht imeachtaí agus saoráidí**

*Measta €2.5 milliún; réadaithe €938,000*

Is mar gheall ar shaoráidí a bheith dúnta mar gheall ar Covid-19 a bhí an laghdú €1.562 milliún.

**4 Díolacháin ag séadchomharthaí náisiúnta agus ag maoine stairiúla**

*Measta €1.1 milliún; réadaithe €599,000*

Is mar gheall ar shrian a bheith ar líon na ndaoine agus suíomhanna a bheith dúnta mar gheall ar Covid-19 a bhí an laghdú €501,000.

**5 Táillí isteach chuig séadchomharthaí náisiúnta agus maoine stairiúla**

*Measta €4.633 milliún; réadaithe €893,000*

Is mar gheall ar shrian a bheith ar líon na ndaoine, suíomhanna a bheith dúnta agus cead isteach tarscaoilte mar gheall ar Covid-19 a bhí an laghdú €3.74 milliún.

**6 Ilghnéitheach, lena n-áirítear táillí, ús agus diúscairtí, etc.**

*Measta €600,000; réadaithe €4.108 milliún*

Is mar gheall ar theacht isteach ó mhaoine Stáit a dhíol agus ardú ar tháillí gníomhaireachta a bhí an méadú €3.508 milliún.

**7 Fáltais ó ranníocaíochtaí breise aoisliúntais ar luach saothair seirbhíse poiblí**

*Measta €2.387 milliún; réadaithe €1.78 milliún*

Baineann an laghdú €607,000 le hathruithe ar na ranníocaíochtaí aoisliúntais breise (ASC). Ní bhíonn an ASC, a tháinig in áit laghduithe a bhaineann le pinsin, i gceist ach amháin i gcás luach saothair inphinsin seachas gach luach saothair agus tá bannaí tairsí ranníocaíochta éagsúla i gceist leis. Bhí tionchar aige sin ar an tsuim a bailíodh sa bhliain 2020.

## 4.2 Fáltais bhreise atá iníoctha leis an Státchiste

| | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéid ag an 1 Eanáir | — | — |
| Sciar den choigilt ó chuideachta PPP Ionad na gComhdhálacha Náisiúnta a athmhaoiniú | 12,042 | — |
| A aistríodh chuig an Státchiste | (12,042) | — |
| **Iarmhéid ag an 31 Nollaig** | **—** | **—** |

# Nóta 5 Soláthar Foirne agus Luach Saothair

## 5.1 Líon na bhfostaithe

| Coibhéisí lánaimseartha ag deireadh na bliana | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| Gráid shonracha státseirbhíse | 845 | 803 |
| Gráid shonracha OOP | 1,235 | 1,270 |
| | **2,080** | **2,073** |

## 5.2 Pá

| | 2020 €000 | 2019 €000 |
|---|---|---|
| **Pá** | | |
| Gráid shonracha státseirbhíse | 44,037 | 40,167 |
| Gráid shonracha OOP | 49,251 | 47,143 |
| **Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise** | | |
| Gráid shonracha státseirbhíse | 195 | 228 |
| Gráid shonracha OOP | 1,981 | 2,137 |
| **Ragobair** | | |
| Gráid shonracha státseirbhíse | 38 | 86 |
| Gráid shonracha OOP | 2,698 | 3,225 |
| **Tinreamh breise, seal agus uainchlár** | | |
| Gráid shonracha OOP | 1,634 | 2,497 |
| **ÁSPC an Fhostóra** | | |
| Gráid shonracha státseirbhíse | 3,515 | 3,005 |
| Gráid shonracha OOP | 5,885 | 5,827 |
| **Pá iomlán [a]** | **109,234** | **104,315** |

Nóta [a] Áirítear san fhigiúr iomlán pá do 439 mball foirne shealadacha agus shéasúracha sa bhliain 2020 (2019: 563 bhall foirne).

## 5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

| | Líon na bhfaighteoirí | Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó | An íocaíocht aonair is mó | |
|---|---|---|---|---|
| | | | 2020 | 2019 |
| | | | € | € |
| **Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise** | | | | |
| Gráid shonracha státseirbhíse | 50 | 4 | 20,614 | 20,614 |
| Gráid shonracha OOP | 935 | — | 9,318 | 9,795 |
| **Ragobair** | | | | |
| Gráid shonracha státseirbhíse | 32 | — | 3,454 | 8,957 |
| Gráid shonracha OOP | 890 | 54 | 31,337 | 38,016 |
| **Tinreamh breise, seal agus uainchlár** | | | | |
| Gráid shonracha OOP | 706 | 3 | 10,599 | 13,994 |
| **Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin** | | | | |
| Gráid shonracha státseirbhíse | 5 | — | 5,679 | 10,175 |
| Gráid shonracha OOP | 898 | 199 | 37,453 | 38,691 |

## 5.4 Socruithe luach saothair eile

Rinneadh beirt státseirbhíseach atá ar scor agus atá ag fáil pinsean státseirbhíse a fhostú arís ar bhonn táille ar chostas iomlán €30,825. Bhí na híocaíochtaí a rinneadh ag teacht le prionsabail an Achta um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012.

## 5.5 Ró-íocaíochtaí párolla

| | Líon na bhfaighteoirí | 2020 | 2019 |
|---|---|---|---|
| | | € | € |
| Ró-íocaíochtaí | 24 | 31,344 | 35,802 [a] |
| Pleananna aisghabhála i bhfeidhm | 10 | 11,625 | 15,998 [a] |

Nóta [a] Tá na figiúirí ón mbliain 2019 atá sa nóta seo le haghaidh ró-íocaíochtaí agus pleananna aisghabhála atá i bhfeidhm níos lú ná iad sin a nochtadh i gcuntas leithreasa 2019. Is mar gheall ar fhaisnéis níos cruinne a bheith ar fáil sa bhliain 2020 é sin.

## 5.6 Scaoilíocaíochtaí/íocaíochtaí iomarcaíochta

Áirítear san fhigiúr pá €49,173 a íocadh amach i ndáil le scaoilíocaíochtaí le triúr ball foirne a fostaíodh iad go foirmiúil roimhe sin ina mBall Foirne Aire. Íocadh €60,876 le hochtar oifigeach i scaoilíocaíochtaí, ar mó ceithre cinn díobh ná €10,000.

## Nóta 6 Ilghnéitheach

### 6.1 Costais chúitimh agus dlí

| | | | | | 2020 | 2019 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | **Líon na gcásanna** | **Costais dlí a d'íoc an Oifig** | **Costais dlí a dámhadh** | **Cúiteamh a dámhadh** | **Iomlán** | **Iomlán** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Éilimh ó fhostaithe** | | | | | | |
| Éilimh dhíobhála pearsanta | | | | | | |
| - a socraíodh in 2020 | 3 | 7 | 24 | 262 | 293 | 2,077 |
| - a socraíodh i mbliain roimhe seo nó atá ar bun go fóill | 8 | 180 | 559 | — | 739 | 14 |
| **Éilimh ó dhaoine den phobal** | | | | | | |
| Éilimh dhíobhála pearsanta | | | | | | |
| - a socraíodh in 2020 | 6 | 14 | 31 | 72 | 117 | 288 |
| - a socraíodh i mbliain roimhe seo nó atá ar bun go fóill | 17 | 102 | 145 | — | 247 | 113 |
| Éilimh chaillteanais nó dhamáiste a socraíodh in 2020 | 17 | — | — | 954 | 954 | 360 |
| | | **303** | **759** | **1,288** | **2,350** | **2,852** |

### 6.2 Costais eadrána agus chomhréitigh

Áirítear i gcaiteachas Vóta in 2020 íocaíochtaí €411,257 (2019: €6.001 milliún) a rinneadh le conraitheoirí agus daoine eile mar thoradh ar imeachtaí comhréitigh agus eadrána. Bhí seacht gcás ann in 2020 (2019: sé chás). Áirítear sna figiúirí táillí CBL, dlí agus gairmiúla.

### 6.3 Ús agus cúiteamh

Rinne OOP íocaíochtaí ús pionóis agus cúitimh dar luach €91,525 ar an iomlán in 2020 faoin Acht um Íoc Pras Cuntas, 1997, i ndáil le híocaíochtaí déanacha (2019: €69,798) ar bhain €23,880 de le moill a tharla mar gheall ar shrianta Covid-19. B'ionann luach iomlán na n-íocaíochtaí a rinne OOP in 2020 agus €451 mhilliún, agus bhí 90,170 íocaíocht inríofa ann san iomlán.

## 6.4 Nithe a díscríobhadh

Rinneadh na suimeanna seo a leanas a dhíscríobh sa bhliain

| | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Táillí gan íoc ó chuideachtaí nach bhfuil ag trádáil a thuilleadh | — | 2 |
| Suimeanna a díscríobhadh mar gheall ar shrianta Covid-19 | 239 | — |
| | **239** | **2** |

## 6.5 Íocaíochtaí ex-gratia

Rinneadh íocaíochtaí ex-gratia a raibh luach €257,217 leo sa bhliain.